

Leabharlannaithe le Gaeilge

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin riachtanas Gaeilge a bhíodh ag teastáil chun post sinsearach a fháil i leabharlann phoiblí in Éirinn. Cad is brí leis na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír?

Briathra:

dheimhnigh (deimhnigh)
d'éiligh (éiligh)
scagadh (scag)
sárú (sáraigh)
eascraíonn (eascair)

Ainmfhocail:

gnáth
srian
tuairim
aniar aduaidh
dualgas
reachtaíocht
an tAcht um Shaoráil Faisnéise
feasta
comhfhreagras
creimeadh

Ceist 2

Féach ar an tuairisc agus líon na bearnaí sa script leis na focail ó cheist 1.

Tá deireadh curtha leis an n_____ a bhíodh ann Gaeilge a bheith ag duine le bheith ag obair i leabharlann. _____ an tAire Rialtais Áitiúil, Simon Coveney, an méid seo i scríbhinn le Cathaoirleach Bhuanchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus na nOileán, Catherine Connolly. Dúirt an tAire Coveney gur chuir an riachtanas teanga _____ ar dhaoine nach raibh Gaeilge acu, cur isteach ar phostannaí. Údar mór díomá é cinneadh an Aire Coveney, a dúirt an Teachta Catherine Connolly.

Tá deireadh leis an riachtanas fadbhunaithe a _____ go mbeadh Gaeilge ag leabharlannaithe sinsearacha agus ag gnáthfhostaithe i leabharlanna na tíre. Dheimhnigh an tAire Simon Coveney an méid seo leis an Teachta Dála Catherine Connolly. Dúirt an tAire Coveney go raibh sé féin agus a Roinn ar aon _____ go gcruthaíonn Gaeilge bac i measc iarrthóirí ar theastaigh uathu dul i mbun oibre nuair nach raibh Gaeilge acu nó fáil acu í a fhoghlaim.

Cuireann sé fiordhíomá orm, ní mór dom a rá. Do tháinig an cinneadh seo _____ orm agus nuair a fuair mé amach, chuir mé ceisteanna Dála agus dheimhnigh an tAire sa fhreagra a fuair mé, go raibh siad chun fáil réidh leis an _____ maidir le poist airithe sa chóras leabharlainne. Tá ceisteanna dlíthiúla i gceist agus dualgas faoi _____ Acht na dTeangacha Oifigiúla i gceist. An bhfuil sé ag _____ a chuid dualgas faoin reachtaíocht seo?

Tugadh le fios i gcáipéis a fuair *Tuairisc.ie* faoin _____ gur bunaíodh grúpa oibre leis an cheist a _____. D'aontaigh gach ball den ghrúpa oibre nár cheart go mbeadh an Ghaeilge ina riachtanas fostaíochta _____. Dúradh i g_____ ó Leas-Phríomhoifigeach na

VIFAX 15 Nollaig 2016
Bunleibhéal

Roinne nach dtiocfadh an t-athrú seo salach ar an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge.

Cé nach bhfuil sárú reachtaíochta i gceist anseo, níl aon dabht ann gur ábhar díomá atá ann agus rud atá le feiceáil as seo ná go bhfuil...go bhfuiltear ag leanúint leis an g_____ seo atá á dhéanamh ar líon na ndaoine sa tseirbhís phoiblí le Gaeilge agus ní rud maith é sin. So, an cheist a _____ as sin ná cén teagmháil a rinneadh leo siúd atá thíos leis an gcinneadh seo.

Tuigtear do Nuacht go bhfágfar faoi rialtais áitiúla a gcinneadh féin a dhéanamh ar cheart riachtanas Gaeilge a lua ina gcuid folúntas amach anseo.

Ceist 3

Féach ar an tuairisc den dara huair agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cad a dheimhnigh Simon Coveney?
2. Cé hí Catherine Connolly agus cad a dúirt sí faoin scéal?
3. Cé hé Rónán Ó Domhnaill agus cad a bhí le rá aige?
4. Cén fáth ar luadh Tuairisc.ie?

Ceist 4

Bhí a lán nathanna cainte úsáideacha sa mhír:

ar aon tuairim; ní mór duit; ag teacht salach ar; thíos leis

Bain úsáid as na nathanna cúí chun na bearnaí a líonadh sna habairtí thíos. Cuir in abairtí ansin iad lena mbrí a léiriú.

- _____ dul abhaile anois. Tá sé ag éirí an-déanach agus tá sioc ar na bóithre.
- Tá scoileanna na tíre dúnta de bharr stailceanna agus is iad na daltaí scoile a bheidh _____.
- Ar a laghad tá gach duine ar an gcoiste _____ faoi chinneadh an stiúrthóra.
- Ní féidir liom dul go dtí an chóisir mar tá scrúdú agam. Is mór an trua go bhfuil an dá dháta _____ a chéile.

Ceist 5

Cén chuma atá air?

A. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus féachaigí ar na habairtí thíos. Freagraigí na ceisteanna atá bunaithe orthu.

Tá gruaig fhada dhonn **ar** Shinéad.

Tá súile móra glasa **ag** Seán.

1. Cén fáth a bhfuil séimhiú ar 'fada' agus 'donn'?
2. Cén fáth a bhfuil séimhiú ar 'Sinéad'?
3. Cén fáth a bhfuil na haidiachtaí 'mór' agus 'gorm' san iolra?
4. Cén fáth a mbíonn gruaig AR dhuine agus a mbíonn súile AG duine?

B. Féachaigí ar an mír arís. Tar éis daoibh féachaint uirthi uair amháin, déanfaidh duine amháin agaibh cur síos ar Catherine Connolly agus déanfaidh an duine eile cur síos ar Rónán Ó Domhnaill. Ná déanaigí dearmad de na rialacha thuas.

Ceist 6

Pléigh na ceistanna thíos leis na daoine eile i do ghrúpa.

1. Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach go mbeadh Gaeilge ag duine atá ag obair sa tseirbhís phoiblí?
2. An bhfuil sé riachtanach, dar leat, go mbeadh Gaeilge ag leabharlannaí?
3. Cad is brí le 'idirdhealú dearfach'?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Pléigh brí na bhfocal leis na foghlaimeoirí sula seinntear an tuairisc.

Briathra:

deimhnigh (dheimhnigh) – *confirm*

éiligh (d'éiligh) – *demand*

scag (scagadh) – *filter*

sáraigh (sárú) – *overcome, violate*

eascair (eascaíonn) – *spring, sprout*

Ainmfhocail:

gnáth – *custom*

srian (srian a chur ar) – *curb, restrain*

tuairim – *opinion*

aniar aduaidh (tháinig sé aniar aduaidh orm) – *from the north west (unexpectedly)*

dualgas – *duty*

reachtaíocht – *legislation*

an tAcht um Shaoráil Faisnéise – *the Freedom of Information Act*

feasta – *from now on*

comhfhreagras – *correspondence*

creimeadh – *erosion*

Ceist 2

Tá deireadh curtha leis an **gnáth** a bhíodh ann Gaeilge a bheith ag duine le bheith ag obair i leabharlann. **Dheimhnigh** an tAire Rialtais Áitiúil, Simon Coveney, an méid seo i scríbhinn le Cathaoirleach Bhuanchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus na nOileán, Catherine Connolly. Dúirt an tAire Coveney gur chuir an riachtanas teanga **srian** ar dhaoine nach raibh Gaeilge acu, cur isteach ar phostannaí. Údar mór díomá é cinneadh an Aire Coveney, a dúirt an Teachta Catherine Connolly.

Tá deireadh leis an riachtanas fadbhunaithe a **d'éiligh** go mbeadh Gaeilge ag leabharlannaithe sinsearacha agus ag gnáthfhostaithe i leabharlanna na tíre. Dheimhnigh an tAire Simon Coveney an méid seo leis an Teachta Dála Catherine Connolly. Dúirt an tAire Coveney go raibh sé féin agus a Roinn ar aon **tuairim** go gcruthaíonn Gaeilge bac i measc iarrthóirí ar theastaigh uathu dul i mbun oibre nuair nach raibh Gaeilge acu nó fáil acu í a fhoghlaim.

Cuireann sé fíordhíomá orm, ní mór dom a rá. Do tháinig an cinneadh seo **aniar aduaidh** orm agus nuair a fuair mé amach, chuir mé ceisteanna Dála agus dheimhnigh an tAire sa fhreagra a fuair mé, go raibh siad chun fáil réidh leis an **dualgas** maidir le poist airithe sa chóras leabharlaine. Tá ceisteanna dlíthiúla i gceist agus dualgas faoi **reachtaíocht** Acht na dTeangacha Oifigiúla i gceist. An bhfuil sé ag **sárú** a chuid dualgas faoin reachtaíocht seo?

Tugadh le fios i gcáipéis a fuair *Tuairisc.ie* faoin **Acht um Shaoráil Faisnéise** gur bunaíodh grúpa oibre leis an cheist a **scagadh**. D'aontaigh gach ball den ghrúpa oibre nár cheart go mbeadh an Ghaeilge ina riachtanas fostaíochta **feasta**. Dúradh i **gcomhfhreagras** ó Leas-Phríomhoifigeach na Roinne nach dtiocfadh an t-athrú seo salach ar an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge.

Cé nach bhfuil sárú reachtaíochta i gceist anseo, níl aon dabht ann gur ábhar díomá atá ann agus rud atá le feiceáil as seo ná go bhfuil...go bhfuiltear ag leanúint leis an **gcreimeadh** seo atá á dhéanamh ar líon na ndaoine sa tseirbhís phoiblí le Gaeilge agus ní rud maith é sin. So, an cheist a **eascaíonn** as sin ná cén teagmháil a rinneadh leo siúd atá thíos leis an gcinneadh seo.

Tuigtear do Nuacht go bhfágfar faoi rialtais áitiúla a gcinneadh féin a dhéanamh ar cheart riachtanas Gaeilge a lua ina gcuid folúntas amach anseo.

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

- **Ní mór duit** dul abhaile anois. Tá sé ag éirí an-déanach agus tá sioc ar na bóithre.
- Tá scoileanna na tíre dúnta de bharr stailceanna agus is iad na daltaí scoile a bheidh **thíos leis**.
- Ar a laghad tá gach duine ar an gcoiste **ar aon tuairim** faoi chinneadh an stiúrthóra.
- Ní féidir liom dul go dtí an chóisir mar tá scrúdú agam. Is mór an trua go bhfuil an dá dháta **ag teacht salach ar** a chéile.

Ceist 5

A.

1. Tá an t-ainmfhocal 'gruaig' baininsneach agus mar sin séimhítear an aidiacht/na haidiachtaí a leanann é.
2. Leanann séimhiú an réamhfhocal simplí 'ar' nuair atá ionad áirithe i gceist.
3. Tá an t-ainmfhocal 'súil' san iolra agus mar sin cuirtear na haidiachtaí a leanann é san iolra freisin.
4. Sa Ghaeilge, baintear úsáid as '**ar**' más taobh amuigh den chorp atá na baill bheatha. Más taobh istigh den chorp atá siad, baintear úsáid as '**ag**'.

B.

Pléigh cuma na beirte leis an rang ar fad.

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Máire T. Ní Mhadaoin

Tá deireadh curtha leis an ngnáth a bhíodh ann Gaeilge a bheith ag duine le bheith ag obair i leabharlann. Dheimhnigh an tAire Rialtais Áitiúil, Simon Coveney, an méid seo i scríbhinn le Cathaoirleach Bhuanchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus na nOileán, Catherine Connolly. Dúirt an tAire Coveney gur chuir an riachtanas teanga srian ar dhaoine nach raibh Gaeilge acu, cur isteach ar phostannaí¹. Údar mór díomá é cinneadh an Aire Coveney, a dúirt an Teachta Catherine Connolly.

Shane Ó Curraighín

Tá deireadh leis an riachtanas fadbhunaithe a d'éiligh go mbeadh Gaeilge ag leabharlannaithe sinsearacha agus ag gnáthfhostaithe i leabharlanna na tíre. Dheimhnigh an tAire Simon Coveney an méid seo leis an Teachta Dála Catherine Connolly. Dúirt an tAire Coveney go raibh sé féin agus a Roinn ar aon tuairim go gcruthaíonn Gaeilge bac i measc iarrthóirí ar theastaigh uathu dul i mbun oibre nuair nach raibh Gaeilge acu nó fáil acu í a fhoghlaim.

Catherine Connolly, TD, Cathaoirleach Bhuanchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus na nOileán

Cuireann sé fíordhíomá orm, ní mór dom a rá. Do tháinig an cinneadh seo aniar aduaidh orm agus nuair a fuair mé amach, chuir mé ceisteanna Dála agus dheimhnigh an tAire, sa fhreagra a fuair mé, go raibh siad chun fáil réidh leis an dualgas maidir le poist airithe sa chóras leabharlainne. Tá ceisteanna dlíthiúla i gceist agus dualgas faoi reachtaíocht Acht na dTeangacha Oifigiúla i gceist. An bhfuil sé ag sárú a chuid dualgas faoin reachtaíocht seo?

Shane Ó Curraighín

Tugadh le fios i gcáipéis a fuair *Tuairisc.ie* faoin Acht um Shaoráil Faisnéise gur bunaíodh grúpa oibre leis an cheist² a scagadh. D'aontaigh gach ball den ghrúpa oibre nár cheart go mbeadh an Ghaeilge ina riachtanas fostaíochta feasta. Dúradh i gcomhfhreagrais ó Leas-Phríomhoifigeach na Roinne nach dtiocfadh an t-athrú seo salach ar an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge.

Rónán Ó Domhnaill, An Coimisinéir Teanga

Cé nach bhfuil sárú reachtaíochta i gceist anseo, níl aon dabht ann gur ábhar díomá atá ann agus rud atá le feiceáil as seo ná go bhfuil...go bhfuiltear ag leanúint leis an gcreimeadh³ seo atá á dhéanamh ar líon na ndaoine sa tseirbhís phoiblí le Gaeilge agus ní rud maith é sin. So, an cheist a eascraíonn as sin ná cén teagmháil a rinneadh leo siúd atá thíos leis an gcinneadh seo.

Shane Ó Curraighín

Tuigtear do Nuacht go bhfágfar faoi rialtais áitiúla a gcinneadh féin a dhéanamh ar cheart riachtanas Gaeilge a lua ina gcuid folúntas amach anseo.

Shane Ó Curraighín, Nuacht TG4 i gContae na Gaillimhe.

¹ *poist* an leagan caighdeánach

² Córas Uladh

³ *leis an chreimeadh* a deirtear